Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Feabhra 2021
(OR. en)

5660/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0001(NLE)

UD 28
AELE 11
EEE 6
N 14
ISL 7
FL 6

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE arna bhunú leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Chaibidil IIa de Phrótacal 10 a ghabhann leis an gComhaontú sin, agus ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Prótacal 10 a ghabhann leis an gComhaontú sin, maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar |

**CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE arna bhunú leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Chaibidil IIa de Phrótacal 10 a ghabhann leis an gComhaontú sin, agus ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Prótacal 10 a ghabhann leis an gComhaontú sin, maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh Prótacal 10 a ghabhann leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1] ('an Comhaontú LEE') maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim ('an Prótacal') a leasú le Cinneadh Uimh. 76/2009 ón gComhchoiste LEE[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2009.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh an Comhchoiste arna bhunú le Comhaontú LEE ('Comhchoiste LEE') cinneadh lena leasaítear Caibidil IIa den Phrótacal, agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal, a ghlacadh le linn an chéad seisiúin eile dá chuid nó trí mhalartú litreacha.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 9h(3) den Phrótacal, is gá leasuithe a dhéanamh ar Chaibidil IIa den Phrótacal, agus ar Iarscríbhínní I agus II a ghabhann leis an bPrótacal, chun forbairt reachtaíocht an Aontais a chur san áireamh maidir le nithe a chumhdaítear leis an gCaibidil sin agus leis na hIarscríbhinní sin. Ina theannta sin, mura féidir cinneadh a ghlacadh le haghaidh cur chun feidhme comhuaineach na leasuithe ar an bPrótacal agus na leasuithe ar reachtaíocht an Aontais, tá na leasuithe dá bhforáiltear sa Dréachtchinneadh a tíolacadh le go bhformheasfadh na Páirtithe Conarthacha iad le cur i bhfeidhm go sealadach i gcás inar féidir ón 15 Márta 2021, le lánurraim do nósanna imeachta inmheánacha na bPáirtithe Conarthacha. Beidh an dáta sin i gcomhthráth leis an gcéad eisiúint de Chóras Rialaithe Allmhairí 2, rud ar chomhaontaigh an Iorua páirt a ghlacadh ann.

---

1 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

2 Cinneadh Uimh. 76/2009 ó Chomhchoiste LEE an 30 Meitheamh 2009 lena leasaítear Prótacal 10 maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus Prótacal 37 ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101 (IO L 232, 3.9.2009, lch. 40).

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Chaibidil IIa den Phrótacal agus ar Iarscríbhínní I agus II den Phrótacal a bhunú, toisc go mbeidh na leasuithe sin ina cheangal ar an Aontas.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcéad chruinniú eile de chuid an Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, nó trí mhalartú litreacha, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Chaibidil IIa de Phrótacal 10 a ghabhann leis an gComhaontú sin, agus ar Iarscríbhínní I agus II de Phrótacal 10 a ghabhann leis an gComhaontú sin, is ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE[1] a bheidh sé bunaithe.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 5661/21 ar http://register.consilium.europa.eu.